Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 7

# Oifig an Aire Airgeadais

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, tá sé de dhualgas orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair.

**Athstruchtúrú Clár**

Ullmhaíodh an cuntas de réir Mheastachán Athbhreithnithe 2013 d'Oifig an Aire Airgeadais. Taifeadann cuntas leithreasa 2013 ollchaiteachas de €27.3 milliún, ar cúig limistéar de chuid an chláir. Leithdháileadh figiúirí aschuir 2012 ar fud na gcúig chlár d'fhonn léiriú a thabhairt ar struchtúr nua na Roinne.

Dlitear barrachas €8.58 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

***Stoic agus Sócmhainní Caipitil***

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) a gcuid stoc agus, go ginearálta, úsáid sócmhainní caipitiúla. Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le Cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 agus leithdháiltear iad ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach. Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla, leithdháiltear úsáid de shócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin. Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar sócmhainní i ndáil le troscán agus feistis agus trealamh oifige a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní i ndáil le trealamh TF a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. In ainneoin na nithe anseo thuas, cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sócmhainní ar leith in 2012 agus in 2013 dá húsáid eisiatach féin agus níl an dímheas ina leith seo cionroinnte.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach .
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Cloíonn an Roinn Airgeadais leis na treoirlínte ábhartha uile maidir le soláthar.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**John Moran**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Airgeadais

27 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Lúnasa 2014

# Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

# Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Beartas an Aontais Eorpaigh agus Beartas Idirnáisiúnta | 4,702 | 3,464 | 3,572 |
| B | Polasaí na Seirbhísí Airgeadais | 14,667 | 9,648 | 9,238 |
| C | Beartas Fioscach | 4,084 | 3,661 | 4,947 |
| D | Beartas Geilleagrach | 2,182 | 1,913 | 550 |
| E | Soláthar Seirbhísí Comhroinnte | 9,227 | 8,655 | 7,888 |
| | **Ollchaiteachas** | **34,862** | **27,341** | **26,195** |
| | *Asbhain* | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,675** | **2,732** | **1,564** |
| | **Glanchaiteachas** | **33,187** | **24,609** | **24,631** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 8,577,861 | 7,450,784 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 19,405 | 18,151 | 16,874 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 455 | 445 | 392 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 880 | 726 | 650 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 405 | 457 | 632 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,700 | 1,222 | 1,314 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 785 | 394 | 884 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 25 | — | — |
| viii | Uachtaránacht an AE[1] | 2,957 | 1,719 | 791 |
| | | 26,612 | 23,114 | 21,537 |

[1] Áirítear i bhfigiúr Uachtaránachta an AE le haghaidh 2013 tuarastail arbh ionann iad agus €1,013,520 (2012: €643,670).

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 4,226 | 4,443 |
| Pá | | 19,164 | 17,732 |
| Neamhphá | | 3,951 | 4,020 |
| **Ollchaiteachas** | | **27,341** | **26,195** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,732** | **1,564** |
| **Glanchaiteachas** | | **24,609** | **24,631** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (103) | | |
| Dímheas | 398 | | |
| | | 295 | 408 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Mhéadú sna fabhruithe deiridh | 245 | | |
| Mhéadú stoic[1] | (6) | | |
| | | 239 | (145) |
| **Caiteachas díreach** | | **25,143** | **24,894** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 9,249 | 13,016 |
| Meas-chíosanna | | 1,511 | 1,432 |
| **Costas glan clár** | | **35,903** | **39,342** |

### 1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 7 a tabhaíodh in áit eile, glanchostais na seirbhísí roinnte a cionroinneadh ar Vótaí eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne | m | — | 42 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 9,939 | 12,497 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 367 | 1,080 |
| Lárchiste - pinsin na nAirí | m | 244 | 231 |
| | | 10,550 | 13,850 |
| Costas cionroinnte tacaíochta roinnte párolla agus cuntasaíochta do Vótaí eile | | (1,301) | (834) |
| | | **9,249** | **13,016** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 874 | 1,143 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 183 | 505 |
| Stoic | 2.4 | 23 | 17 |
| Réamhíocaíochtaí | | 321 | 427 |
| Ioncam fabhraithe | | 59 | 282 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 282 | 230 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.7 | 149 | 86 |
| Cuntas bainc seirbhísí roinnte párolla | 2.8 | 1,618 | 713 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,635** | **2,260** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 262 | 346 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 614 | 821 |
| Seirbhísí roinnte párolla | 2.8 | 1,618 | 713 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,494** | **1,880** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **141** | **380** |
| **Glansócmhainní** | | **1,015** | **1,523** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú stáit** | 2.1 | **1,015** | **1,523** |

| **2.1 Cuntas um maoiniú stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,523 | 1,426 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 33,187 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (8,578) | | |
| Vóta glan | | | 24,609 | 24,631 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 9,249 | 13,016 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | (78) | (358) |
| Míreanna neamhairgid – sócmhainní caipitiúla [1] | | | 104 | 718 |
| Míreanna neamhairgid – dmheas[1] | | | 1,511 | 1,432 |
| Costas glan clár | 1 | | (35,903) | (39,342) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,015** | **1,523** |

[1] Ag eascairt ón mbeartas cionranna le haghaidh sócmhainní arna roinnt ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní mheaitseálann na figiúirí sealbhaithe/dímheasa sa chlár comhordaithe leo siúd a léirítear sa ráiteas faoi chostas oibriúcháin.

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Caipitil** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 218 | 5,329 | 2,375 | 7,922 |
| Breiseanna | — | 25 | — | 25 |
| Sócmhainní a aistríodh ó Roinn an Taoisigh | — | 24 | 18 | 42 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013 | 218 | 5,378 | 2,393 | 7,989 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | 44 | 4,444 | 2,291 | 6,779 |
| Dímheas don bhliain | 43 | 217 | 34 | 294 |
| Dímheas ar sócmhainní a aistríodh ó Roinn an Taoisigh | — | 24 | 18 | 42 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2013 | 87 | 4,685 | 2,343 | 7,115 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **131** | **693** | **50** | **874** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **174** | **885** | **84** | **1,143** |

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 183 | 506 |
| Orduithe gan íoc | — | (1) |
| | 183 | 505 |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 12 | 12 |
| Ábhair inchaite TF | 11 | 5 |
| | 23 | 17 |

## 2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 54 | 52 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 85 | 73 |
| Óinchistí taistil | — | 1 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 92 | 83 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 43 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 8 | 21 |
| | 282 | 230 |

### 2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 217 | 233 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 112 | 113 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 94 | 254 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | 24 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 37 | 44 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | — |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 72 | 75 |
| | 534 | 743 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 76 | 77 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 4 | 1 |
| | 614 | 821 |

### 2.7 An glanchistiú Státchiste atá le híoc

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 8,578 | 7,451 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (8,727) | (7,537) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (149) | (86) |

**Arna léiriú ag:**

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 183 | 505 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 282 | 230 |
| | 465 | 735 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (534) | (743) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (80) | (78) |
| | (614) | (821) |
| | (149) | (86) |

### 2.8 Seirbhísí Comhroinnte Párolla

Soláthraíonn an Roinn Airgeadais feidhm seirbhíse comhroinnte párolla do roinnt ranna/oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais. Léirítear san iarmhéid ar an gcuntas sin airgead a lóisteáil na hoifigí cliaint sin isteach sa chuntas chun maoiniú na dtuarastal a chumhdach thar thréimhse na Bliana Nua.

### 2.9 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 104 | 4 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Beartas an Aontais Eorpaigh agus Beartas Idirnáisiúnta** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 3,369 | 2,837 | 2,912 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 908 | 555 | 586 |
| A.3 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 425 | 72 | 74 |
| | | **4,702** | **3,464** | **3,572** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1.24 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 353 | Tá roinnt ganncaiteachais coitianta ar gach fo-cheannteideal nár bhain le pá agus a d'eascair ó uainiú clár oiliúna agus dul chun cinn le tionscadail chóiríochta agus TF faoi leith. Tá athraitheach Chlár A á thiomáint freisin ag coigilteas ar chostais a bhain le buiséad Uachtaránacht an AE. Ba dheacair na costais a réamh-mheas go cruinn mar gheall ar raon na sainchomhad a bhí le cur ar aghaidh agus ar neamhchinnteacht maidir le líon na gcruinnithe a theastódh chun an dul chun cinn sin a bhaint amach. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 353 | Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a raibh coinne leis toisc go raibh moill ar thús a chur leis an Tionscnamh Pleanála Geilleagraí agus leis an tStraitéis Gheilleagrach Mheántéarmach. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Polasaí na Seirbhísí Airgeadais** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 5,882 | 5,178 | 4,714 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 2,190 | 903 | 744 |
| B.3 | Coistí agus coimisiúin | 20 | 18 | 36 |
| B.4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 6,575 | 3,549 | 3,744 |
| B.5 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | — | — | — |
| | | **14,667** | **9,648** | **9,238** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €5.02 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 1,287 | Na tuairimí a leagtar amach le haghaidh fo-mhírcheann A.2, tá feidhm acu anseo freisin. Ina theannta sin, rinneadh costais áirithe a bhí sa bhuiséad d'Uachtaránacht an AE ar an Vóta seo a chlúdach faoin Vóta Gnóthaí Eachtracha ina áit sin. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 3,026 | Bhí an meastachán faoi threoir an cheanglais soláthar a dhéanamh maidir le réimse leathan táirgí insoláthartha, lena n-áirítear beartas na hearnála baincéireachta, fiach pearsanta, iasachtaí do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide, athchóiriú na seirbhísí airgeadais, cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Íocaíochta, a raibh gach ceann díobh faoi cheannas na Roinne. Spáráladh airgead mar thoradh ar rialú costas agus chomhroinnt costas. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Beartas Fioscach** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 2,822 | 2,887 | 3,693 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 507 | 289 | 449 |
| C.3 | Coistí agus coimisiúin | 330 | 324 | 331 |
| C.4 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 425 | 161 | 65 |
| C.5 | Comhairle Fhioscach Chomhairleach (deontas-i-gcabhair)[1] | — | — | 409 |
| | | **4,084** | **3,661** | **4,947** |

[1] Toisc go bhfuil Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann á maoiniú go díreach in 2013, ní raibh aon ghá le soláthar.

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteacha s an gClár C €422,682 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an s i ndáil lei méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 218 | Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a raibh coinne leis de bharr feidhmiú céimneach níos moille i gcás córais áirithe agus toisc nach ndeachaigh tionscadail áirithe athchóirithe agus atheagraithe ar aghaidh chomh tapa agus a raibh súil leis ar dtús. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 264 | Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a raibh coinne leis toisc go raibh moill ar thús a chur leis an Tionscnamh Pleanála Geilleagraí agus leis an tStraitéis Gheilleagrach Mheántéarmach. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Beartas Geilleagrach** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | 1,045 | 1,261 | 496 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 787 | 551 | 54 |
| D.3 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 350 | 101 | — |
| | | **2,182** | **1,913** | **550** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteacha s an gClár D €268,992 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an s i ndáil lei méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 236 | Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a raibh coinne leis de bharr feidhmiú céimneach níos moille i gcás córais áirithe agus toisc nach ndeachaigh tionscadail áirithe athchóirithe agus atheagraithe ar aghaidh chomh tapa agus a raibh súil leis ar dtús. |
| Seirbhísí comhairleoireacht a agus eile | 249 | Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a raibh coinne leis toisc go raibh moill ar thús a chur leis an Tionscnamh Pleanála Geilleagraí agus leis an tStraitéis Gheilleagrach Mheántéarmach. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E** | **Soláthar Seirbhísí Comhroinnte** | | | |
| E.1 | Riarachán – pá | 7,287 | 7,001 | 5,705 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 1,815 | 1,653 | 2,183 |
| E.3 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 125 | 1 | — |
| | | **9,227** | **8,655** | **7,888** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteacha s an gClár E €571,885 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an s i ndáil lei méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 124 | Bhain an fhoráil seo le hathbhreithniú ar Thrédhearcacht fhioscach. Chuir an IMF an t-athbhreithniú tosaigh ar fáil saor in aisce, áfach, agus beidh cur i bhfeidhm na moltaí níos déanaí ná mar a ceapadh. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | 400 | 1,364 | 387 |
| 2. | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,125 | 1,148 | 1,085 |
| 3. | Ilghnéitheach | 25 | 95 | 92 |
| 4. | Tacaíocht an Bhainc Ceannais do ECOFIN. | 125 | 125 | — |
| | **Iomlán** | **1,675** | **2,732** | **1,564** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Forchúiteamh costas áirithe i ndáil le cobhsú na hearnála baincéireachta | (964) | Baineann an t-athraitheas seo le haisghabháil costas i ndáil le PTSB, aisghabháil nach bhféadfaí a huainiú agus a méid a thuar le cinnteacht agus na meastacháin á n-ullmhú. |

**4.2 Fáltas le híoc leis an Státchiste**

Aistríodh fáltais dár luach €9,323 san iomlán chuig an Státchiste in 2013. Seo a leanas an miondealú: €1,605 i ndáil le liúntais cothaithe laethúla ón IMF agus ón mBanc Domhanda; €1,413 i ndáil le costais tuarastail agus ragoibre a forchúiteadh ó ranna Rialtais eile; €6,305 maidir le hasbhaintí párolla roimh 2005, a ndearna cuideachta árachas saoil iad a aisíoc.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 308 | 319 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá[1] | 17,492 | 16,298 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 93 | 119 |
| Liúntais eile | 132 | 50 |
| Ragobair | 342 | 314 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,105 | 951 |
| **Pá iomlán** | **19,164** | **17,732** |

1 Áiríonn figiúr an phá iomláin an pá i bhfotheidil A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2013** | **2012** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 31 | 3 | 11,937 | 15,401 |
| Liúntais eile | 16 | 3 | 63,746 | 6,229 |
| Ragobair | 100 | 6 | 24,033 | 28,398 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile**

Rinneadh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus a bhí ag fáil pinsin de chuid na státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €51,088. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail Acht na bPinsean (Laghdú), 1965.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de chuid €308,169 i ndáil le 7 oifigeach a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2013 nó don bhliain ar fad agus a d’íoc an Roinn tuarastal ina leith.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Feidhmeanna an Chórais Bhaincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) uimh. 115 ó 2010. Rinneadh an tarmligean seo a aisghairm le feidhm ó 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. uimh. 395 ó 2011 agus ó shin i leith tá aonad baincéireachta NTMA ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais. Faoi threoir an Aire, bíonn freastal á dhéanamh i gcónaí ag an NTMA ar chostais an aonaid, costais a chuimsíonn costais fhoirne agus costais chomhairleachta áirithe.

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2013 | 2012 | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa[1] | 1967 | 21 | 18 | 312 |
| Bord Achomharc um Thiománaithe Míchumasaithe[2] | 1989 | 331 | 324 | 2,827 |
| | | 352 | 342 | 3,139 |

[1] Roimh 2005, íocadh costais trí Vóta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

[2] Bunaíodh an Bord in 1989; roimh 2005 íocadh a chuid costais trí Vóta na Roinne Sláinte.

### 6.3 Íocaíochtaí Eile

Tá dlíthíocht ar bun maidir le IBRC agus PTSB. Tá na gníomhartha sin á gcosaint agus ar an mbunús sin ní dhearnadh aon meastachán maidir leis an dliteanas féideartha.

Soláthraíodh cosaintí tríú páirtí áirithe (i bhfoirm barántaí agus slánaíochtaí) i dtaca le díol Irish Life Limited, diúscairt nótaí caipitil theagmhasaigh Bhanc na hÉireann, diúscairt na scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann agus leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc.

### 6.4 Nithe díscríofa

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2013 muirear €1,116 a ghearradh ar an Vóta i leith iarmhéid cuntas fionraí stairiúil.

### 6.5 Costais Dlí

ag 31 Nollaig

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seo a leanas na costais dlí a íocadh i rith na bliana de réir catagóire: | | |
| Costais Chúitimh | 458 | — |